

Propast 2021-2031



FORÓGRA
**COLÁISTE NA TRÍONÓIDE
Á CHUMASÚ**

Jane Ohlmeyer



Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin

#VótáilJane

Beidh a fhios agam go bhfuil éirithe liom mar Phropast má bhíonn Coláiste na Tríonóide ina cheannródaí domhanda i gceann deich mbliana. Má smaoiníonn daoine ar fud na hÉireann ar Choláiste na Tríonóide mar institiúid a chothaíonn an léann, an chruthaitheacht agus an nuálaíocht sa tír seo. Má mhothaíonn foireann agus mic léinn Choláiste na Tríonóide go léirítear meas orthu, go dtacaítear leo, go spreagtar iad agus gur chabhraigh mé leo lán a gcumais a bhaint amach. Agus, le chéile, is féidir linn barr ár gcumas a bhaint amach. Ba mhaith liom go mbeidh Coláiste na Tríonóide á fhágáil agam in 2031 agus é in áit níos fearr agus níos láidre ná mar atá sé i láthair na huaire. Tá an-tábhacht ag baint leis an todhchaí: an bealach a gcinnteoidimid dán an fheabhais agus an bealach a gcuirfimid Coláiste na Tríonóide chun cinn.

Jane Ohlmeyer

#VótáilJane

Clár Ábhair

Mo Ghealltanais do Choláiste na Tríonóide 6

Achoimre ar an bhForógra: Coláiste na Tríonóide á Chumasú 9

Mo Ghealltanais do Choláiste na Tríonóide

Síolraíonn rath Choláiste na Tríonóide ó mhuintir an Choláiste agus a gcuid smaointe. Tá an fhoireann, na mic léinn agus na céimithe den scoth atá againn ag croílár ár nirt. Táimid uailmhianach maidir leis an gcaoi ar féidir linn barr feabhais a chur orainn féin, spreagadh a thabhairt agus difear a dhéanamh mar phobal.

Iarraim ort do thacaíocht a thabhairt dom sa toghchán seo toisc go gcreidim gur féidir linn an todhchaí a mhúnlú, ní hamháin i gColáiste na Tríonóide, ach ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain freisin. Cuirfidimid leis an saol agus muid ag obair le chéile, sna bealaí éagsúla atá againn, chun sochaí níos ionchuimsithí, níos cothroime agus níos córa a fhorbairt. Níl aon áit níos fearr chun ceisteanna casta an tsaol seo a aithint, a mheas, agus aghaidh a thabhairt orthu, ná ollscoil den chéad scoth. Tá deiseanna nua agus dúshláin dhifriúla le brath mar a théann an saol ar aghaidh. Agus mé i mo Phropast, beidh mé tiomnaithe go gcothófar agus go dtacófar lenár stair chomhroinnte, ár gcomhtuiscintí, agus ár gcuid saineolais faoi mo stiúir chun tionchar a imirt ar an sochaí, chun spreagadh a thabhairt do na daoine is éirimiúla agus chun tacaíocht a thabhairt do thaighde den scoth.

Agus mé i mo Phropast, aithneoidh mé na dúshláin shuntasacha atá romhainn, ar an taobh istigh agus an taobh amuigh. Tá sé in am athrú. Má fhaighimse do vóta tabharfaidh mé smaointe nua atá fréamhaithe i mo thaithí fhairsing, fuinneamh nua, agus ceannaireacht bháúil don phost. Cuirfear daoine chun tosaigh arís agus cuirfear muinín i bpobal Choláiste na Tríonóide. Bainfidimid barr ár gcumas amach le chéile.

Tá mé lán ábalta freastal ort mar Phropast de bharr na taithí a bhí agam go dtí seo. Beidh an éisteacht i gcroílár mo cheannasaíochta agus cuirfidh mé muinín sa phobal trí chultúr ina mothaíonn daoine go léirítear meas orthu a chruthú. Oibreoidh mé gan sotal, le meas, le háthas agus go comhghleacúil. Beidh mé tiomanta, freagrach agus díograiseach i mo chuid oibre.

Go raibh maith agat as m'fhorógra 'beo' a léamh. Níl anseo ach tús an chomhrá maidir leis na hábhair seo agus beidh ráitis bheartais á bhfoilsíú agam le linn an fheachtais agus beidh roinnt smaointe atá anseo á bhforbairt agam.

“*Fáiltím roimh do rannpháirteachas gníomhach sna seachtainí atá romhainn agus iarraim ort do vóta a thabhairt dom ar an 10 Aibreán. Ná bíodh drogall ort ríomhphost a chur chugam (jane.ohlmeyer@tcd.ie).*”

Mo Ghealltanais Duitse

Ón bpaindéim go dtí an ghéarchéim aeráide, tá athrú mór gasta tagtha ar an saol seo againne sa dara mílaois. Anois, níos mó ná riamh, tá an cumas ag Coláiste na Tríonóide bheith ina ollscoil a bhfuil clú áitiúil agus cáil dhomhanda air.



An tOllamh Jane Ohlmeyer

Ní raibh sé riamh chomh tábhachtach seo go mbeadh luachanna na hOllscoile go smior sa Phropast atá i gceannas ar Choláiste na Tríonóide; Propast atá misniúil leis an bhfís atá aici, Propast atá ar son scoth an léinn agus Propast atá tiomanta sochaí iolraíoch ionchuimsitheach a chur chun cinn. Ní mór go mbeadh an duine seo fuinniúil agus comhbhách fresin agus comhghleacaithe agus mic léinn á gcumasú agus á

spreagadh chun lán a gcumais a bhaint amach mar cheannairí agus mar dhaoine ag cumasú an phobail agus ag cur cáil Choláiste na Tríonóide chun cinn sa domhan mór.

8 Tá mé ag seasamh do phost an Phropaist toisc go bhfuil na tréithe seo agam, chomh maith le dea-theist cruthaithe, an taithí fhairsing atá faighte agam sa bhaile agus thar lear, agus é mar fhís agus mar chuspóir agam Coláiste na Tríonóide a stiúradh trí na dúshláin reatha seo agus cinnte a dhéanamh go bhforbraím na rudaí ar fad atá go hiontach faoin Ollscoil seo atá againn.

Tá Coláiste na Tríonóide i gcónaí do mo spreagadh. Is féidir linn barr ár gcumas i réimsí an oideachais, an taighde agus na nuálaíochta a bhaint amach. Iarraim ort do thacaíocht a thabhairt dom ionas gur féidir liom oibriú gan stad gan staonadh ar do shon chun é seo a bhaint amach ar fud rannóga na hOllscoile, agus chun gach duine i bpobal Choláiste na Tríonóide a chumasú.

Tógfaimid Tríonóid na todhchaí le chéile.



5 Feabhra 2021

Jane H. Ohlmeyer
Ollamh Erasmus Smith le Nua-Stair (1762), FTCD, MRIA Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

COLÁISTE NA TRÍONÓIDE Á CHUMASÚ

Is féidir linn barr ár gcumas a bhaint amach le chéile, agus daoine á gcur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na todhchaí.

Achoimre ar an bhForógra: Coláiste na Tríonóide á Chumasú

9

Síolraíonn rath Choláiste na Tríonóide ó mhuintir an Choláiste agus a gcuid smaointe. Tá an fhoireann, na mic léinn agus na céimithe den scoth atá againn ag croílár ár nirt. Táimid uailmhianach maidir leis an gcaoi ar féidir linn barr feabhais a chur orainn féin, spreagadh a thabhairt agus difear a dhéanamh mar phobal.

Agus mé i mo Phropast, díreoidh mé ar na dúshláin shuntasacha atá romhainn ar an taobh istigh agus an taobh amuigh, agus tabharfaidh mé aghaidh orthu. Tá sé in am athrú. Má toghtar mé, tabharfaidh mé smaointe nua atá fréamhaithe i mo thaithí fhairsing, fuinneamh nua agus ceannaireacht bháúil don phost. Cuirfear daoine chun tosaigh arís agus cuirfear muinín i bpobal Choláiste na Tríonóide. Bainfidh barr ár gcumas amach le chéile.

Go raibh maith agat as m'fhorógra a léamh. Fáiltím roimh do rannpháirteachas gníomhach sna seachtainí amach romhainn agus **iarraim ort do vóta a thabhairt dom ar an 10 Aibreán.**

Bua Choláiste na Tríonóide: Tús Áite ag Daoine

Agus mé i mo Phropast:

Cumasófar ár bhFoireann: Dlúth agus Inneach ár Ratha

- Cosnófar an tsaoirse acadúil agus neamhspleáchas intleachtúil.
- Earcófar agus coinneofar iad siúd is éirimiúla.
- Déanfar athbhreithniú ar chothromaíocht oibre is saoil agus éagsúlacht ualaí oibre.
- Cuirfear dínit agus meas san ionad oibre chun cinn, chomh maith le cultúr trédhearcach bunaithe ar luachanna.
- Tabharfar tús áite d'arduithe céime agus forbairt gairme.

Cumasófar ár Mic Léinn agus ár dTaighdeoirí Luathchéime: Todhchaí ár nDisciplíní

- Déanfar infheistiú agus feabhas ar ár dtacaíochtaí, ár seirbhísí agus ár mbonneagar do na mic léinn agus na taighdeoirí luathchéime ar fad.
- Cuirfear feabhas ar an gcóimheas idir baill foirne agus mic léinn, agus é mar sprioc againn 1:12 a bhaint amach faoi 2031.
- Tabharfar tús áite do ghníomhaíochtaí grúpaí beaga agus muinín a thabhairt dár scoláirí bheith ina n-oideoirí, a stiúrann an taighde iad.
- Méadófar deiseanna foghlama a mhaireann ar feadh an tsaoil.

Athspreagfar ár Rialachas: Coláiste na Tríonóide a chur ag obair dár bPobal

- Cuirfear muinín inár gcomhghleacaithe a gcuid oibre a dhéanamh agus cuirfear comhghleacaíocht agus an pobal chun cinn.
- Cinnteofar go ndéanfar cinnteoireacht agus próisis dháilte maoinithe go gníomhach trédhearcach.
- Cinnteofar gurb iad na Scoileanna príomhfhorbróirí na gníomhaíochta acadúla agus go bhfuil siad mar chuid de na próisis chinnteoireachta.

Athnuafar ár bPobal agus ár gCaidrimh

- Cothófar cumarsáid éifeachtach ilbhealach.
- Léireofar luach agus tionchar an oideachais agus an taighde.
- Úsáidfear na gréasáin náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cláir taighde níos leithne a shocrú, agus ár gcáil idirnáisiúnta agus rochtain ar áiseanna a fhorbairt.

Croí an Choláiste: Ar bPoitéinseal á Bhaint Amach

Agus mé i mo Phropast:

Déanfar Infheistiú inár gCampais

- Neartófar na naisc atá againn le mórfhobal Bhaile Átha Cliath.
- Cuirfear an t-infheistiú foriomlán straitéiseach i mbonneagar ár gColáiste chun cinn.

- Déanfar infheistiú in TF an Choláiste chomh maith le háiseanna teagaisc agus bailiúcháin taighde ar líne.
- Tabharfar feidhm nua do na foirgnimh atá níos sine agus athchóireofar iad, agus cuirfear forbraíocht inbhuanaithe chun cinn.

Cuirfear Scoth an Taighde chun cinn

- Léireofar meas ar réimse agus éagsúlacht an taighde i gColáiste na Tríonóide, taighde bunúsach agus taighde feidhmeach.
- Cuirfear maoiniú tionscnaimh agus luathmaoiniú do thaighde ceannródaíoch ar fáil.
- Déanfar infheistiú i seirbhísí tacaíochta don taighde, go háirithe i ndiaidh na dámhachtana agus thionchar an taighde.
- Agus é faoi réir an Leasuachtaráin don Taighde, tabharfar an taighde agus an nuálaíocht ar fad le chéile agus neartófar ról an Leasuachtaráin don Taighde.
- Déanfar infheistiú inár n-institiúidí taighde agus spreagfar taighde idirdhisciplíneach agus taighde trasdisciplíneach.

Cinnteofar ár gCúrsaí Airgeadais

- Déanfar stocaireacht ar bhreis maoinithe don oideachas agus don taighde ón Stát.
- Cinnteofar agus méadófar maoiniú nach ón státchiste é.
- Seolfar an dara feachtas daonchairdiúil againn.

Athrófar ár Seirbhísí agus ár nGréasáin Thacaíochta

- Cuirfear lár-oifig um shonraí agus anailís institiúideach ar bun.
- Oibreofar le seirbhísí TF chun na trí phríomhchóras atá ag teastáil chun na seirbhísí atá mar bhunús don taighde agus don oideachas a chur ar fáil.
- Feabhsófar fóraim chumarsáide don chomhairliúchán agus pléifear le saineolas na foirne gairmiúla agus tacaíochta.

Tabharfar Tús Áite don Ghníomh ar son na hAeráide, don Bhithéagsúlacht agus don Inbhuanaitheacht

- Cuirfear luas faoinár dtiomantas don ghníomh ar son na haeráide agus don bhithéagsúlacht agus déanfar infheistiú iontu.
- Forbrófar straitéis uailmhianach agus plean gníomhaíochta chun an inbhuanaitheacht a chur i lár an aonaigh i ngach polasaí agus oibriúchán de chuid an Choláiste, agus cuirfear i bhfeidhm é.
- Cuirfear Oifig um Inbhuanaitheacht ar bun, chomh maith le post nua Oifigigh don Ollscoil.
- Forbrófar na struchtúir agus na dreasachtaí chun spreagadh a thabhairt do mhic léinn agus don fhoireann chun atheagar a chur ar a scileanna, a dteagasc agus a dtaighde, chomh maith lenár gcuraclam a neartú ionas nach féidir le cúrsaí aeráide drochtionchar a imirt air.

Athraímis an bealach a ndéanaimid cumarsáid agus teagmháil lena chéile, agus an caoi a gcuirimid polasaithe i bhfeidhm. Tá súil agam go mbeidh tú liom agus muid ag cinntiú go dtiocfaimid amach as an ngéarchéim dhomhanda seo sna blianta amach romhainn agus muid láidir, ag cur an Coláiste in oiriúint dár mic léinn agus dár bhfoireann, agus ag cabhrú lenár bpobal lán a gcumais a bhaint amach.

Tógfaimid Tríonóid na todhchaí le chéile.

Jane Ohlmeyer

COLÁISTE NA TRÍONÓIDE Á CHUMASÚ

Is féidir linn barr ár gcumas a bhaint amach le chéile, agus daoine á gcur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na todhchaí.

VÓTÁIL JANE AR AN 10 AIBREÁN

*Más mian leat bheith rannpháirteach
i m'fheachtas nó comhrá (fíorúil) bheith againn, cuir
ríomhphost chugam ag **jane.ohlmeyer@tcd.ie** nó
déan teagmháil liom ar Twitter **@janeohlmeyer***



Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin